



# Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC)

Rátaí ranníocaíochta 2024 agus  
an Treoir d'Úsáideoirí



An Roinn Coimirce Sóisialaí  
Department of Social Protection

Mí Aibreáin 2024

# Clár

Réamhrá . . . . .	2
Aicmí Ranníocaíochta ÁSPC . . . . .	2
Creidmheas Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasa (ÁSPC) . . . . .	2
Conas an Muirear ÁSPC d'Aicmí A agus H a ríomh . . . . .	3
Ríomhanna ÁSPC . . . . .	4
Aicmí ÁSPC . . . . .	5
Aicme A . . . . .	5
Aicme B . . . . .	6
Aicme C . . . . .	7
Aicme D . . . . .	7
Aicme E . . . . .	8
Aicme H . . . . .	8
Aicme J . . . . .	9
Aicme K . . . . .	9
Aicme M. . . . .	10
Aicme P . . . . .	10
Aicme S . . . . .	11
Bandaí agus fo-aicmí tuillimh . . . . .	12
Achoimre ar Aicmí ÁSPC . . . . .	14
Eolas tábhachtach . . . . .	16
Meabhrúchán pinsean . . . . .	20
Chun tuilleadh eolais a fháil . . . . .	21

Faoi réir formheas reachtaíochta, tiocfaidh méadú 0.1% ar gach ráta ÁSPC ón 1 Deireadh Fómhair 2024.

Beidh tuilleadh eolais ar fáil nuair a gheofar an formheas deiridh.

# Réamhrá

Íoctar ranníocaíochtaí Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasa (ÁSPC) isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) a chuidíonn le hÍoc as sochair agus pinsin.

Íocann formhór na bhfostóirí agus na bhfostaithe ranníocaíochtaí ÁSPC isteach san ASN, agus iad idir 16 bliana d'aois agus an aois pinsin atá 66 bliana d'aois faoi láthair nó i gcás duine a rugadh ar an 1 Eanáir 1958 nó dá éis atá idir 66 agus 70 bliain d'aois agus nár dámhadh an Pinsean Stáit (Ranníocach) dó/di.

Tá ranníocóirí féinfhostaithe, lena n-áirítear stiúrthóirí cuideachta áirithe, comhaltaí údaráis áitiúil agus daoine áirithe a bhfuil ioncam ó infheistíochtaí nó ó chíosanna acu faoi dhliteanas ÁSPC freisin.

Go ginearálta, tá sé éigeantach ÁSPC a íoc. Úsáidtear an téarma 'fostaíocht inárachais' chun cur síos a dhéanamh ar fhostaíocht ar a ndlítear ranníocaíochtaí ÁSPC. Tá daoine áirithe le hioncam neamhthuillte faoi dhliteanas ÁSPC a íoc chomh maith.

**Tabhair faoi deara:** Faoi réir formheas reachtaíochta, tiocfaidh méadú 0.1% ar gach ráta ÁSPC ón 1 Deireadh Fómhair 2024. Beidh tuilleadh eolais ar fáil nuair a gheofar an formheas deiridh.

## Aicmí Ranníocaíochta ÁSPC

Tá ranníocaíochtaí ÁSPC roinnte i gcatagóirí éagsúla, ar a dtugtar 'Aicmí ÁSPC'. Cinntear leo seo an ráta ÁSPC a bhfuil tú faoi dhliteanas a íoc, nó do 'ráta ranníocaíochta'.

Le nádúr d'fhostaíochta agus do mheántuilleamh seachtainiúil, cinntear an aicme agus an ráta ranníocaíochta a íocann tú.

Leis an aicme ÁSPC a íocann tú, cinntear na sochair leasa shóisialaigh a bhféadfaidh tú cáiliú lena n-aghaidh. Áirítear leis an raon sochar an Pinsean Stáit Ranníocach, Sochar Cuardaitheora Poist agus Sochar Breoiteachta mar shampla. Braitheann teidlíocht ar shochar ar dhuine critéir ar leith a chomhlíonadh.

Is féidir tuilleadh sonraí faoi aicmí ÁSPC, rátaí ranníocaíochta agus sochair iníoctha a fháil ag [gov.ie/prsi](https://www.gov.ie/prsi).

## Creidmheas Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasa (ÁSPC)

### Fostaithe:

Tá Creidmheas ÁSPC barrchaolaithe ann d'fhostaithe Aicme A agus Aicme H a thuilleann idir €352.01 agus €424 sa tseachtain. Laghdaíonn an Creidmheas ÁSPC an méid ÁSPC a ghearrtar in aghaidh na seachtaine.

Braitheann méid an Chreidmheasa ÁSPC ar olltuilleamh seachtainiúil. Le haghaidh tuilleamh comhlán seachtainiúil de €352.01, tá an t-uaschreidmheas ÁSPC de €12 infheidhme. Le haghaidh tuilleamh idir €352.01 agus €424, déantar an t-uaschreidmheas ÁSPC seachtainiúil de €12 a laghdú faoi aon séú den tuilleamh os cionn €352.01. Nuair a sháraíonn an tuilleamh €424 ní bheidh feidhm ag an gcreidmheas ÁSPC a thuilleadh.

## Conas an Muirear ÁSPC a ríomh

### Aicmí A agus H

- Ríomhtar ÁSPC fostaí Aicme A ag 4% den olltuilleamh seachtainiúil.
- Ríomhtar ÁSPC Aicme H ag 3.9% den olltuilleamh seachtainiúil.
- I gcás ina bhfuil olltuilleamh idir €352.01 agus €424 sa tseachtain, laghdaítear muirear ÁSPC an fhostaí leis an gCreidmheas ÁSPC.
- Braitheann méid an Chreidmheasa ÁSPC ar d'olltuilleamh seachtainiúil.
- Ag olltuilleamh seachtainiúil de €352.01, tá feidhm ag an gCreidmheas ÁSPC uasta de €12 sa tseachtain.
- Maidir le tuilleamh idir €352.01 agus €424, fo-aicme AX, laghdaítear an Creidmheas ÁSPC seachtainiúil uasta de €12 faoi aon séú den tuilleamh sa bhreis ar €352.01.

Léiríonn an sampla seo a leanas conas an Creidmheas ÁSPC agus an muirear ÁSPC nua d'olltuilleamh seachtainiúil €377 a ríomh.

### Creidmheas ÁSPC:

Uaschreidmheas ÁSPC	€12.00
Aon séú den tuilleamh os cionn €352.01 ( $377.00 - 352.01 = 24.99 \div 6$ )	<u>(€4.17)</u>
Creidmheas ÁSPC laghdaithe	€7.83
Ríomh an ÁSPC ag 4%	€15.08
Déan an Creidmheas ÁSPC laghdaithe ar €377 a bhaint den Mhuirear ÁSPC 4%	€7.83

**Muirear ÁSPC Seachtainiúil 2024** €7.25

Chun an Muirear ÁSPC d'Aicme H a ríomh, lean na céimeanna thuas ach 3.9% a chur in ionad 4%

**Tabhair faoi deara:** Tá ríomh an Mhuirir ÁSPC, agus dá réir sin an Chreidmheasa ÁSPC, bunaithe ar thuilleamh seachtainiúil.

# Ríomhanna ÁSPC

Chun críocha léiriúcháin amháin, leagtar amach sa tábla seo a leanas an muirear ÁSPC d'fhostaithe Aicme A ag gach €5 d'olltuilleamh seachtainiúil idir €352.01 agus €424.

Táille ÁSPC Aicme A ar olltuilleamh idir €352.01 agus €424.

Tuilleamh seachtainiúil comhlán	Creidmheas ÁSPC a ríomh				ÁSPC ag 4%	Muirear ÁSPC
	Tuilleamh comhlán os cionn €352.01	Aon séú den olltuilleamh os cionn €352.01	Uaschreidmheas ÁSPC	Creidmheas ÁSPC	ÁSPC Aicme A ag 4%	Muirear ÁSPC (muirear 4% lúide Creidmheas ÁSPC)
	A	B (A roinnte ar 6)	C	D (C lúide B)	E	(E lúide D)
(€)	(€)	(€)	(€)	(€)	(€)	(€)
352.01	0.00	0.00	12.00	12.00	14.08	2.08
355.00	2.99	0.50	12.00	11.50	14.20	2.70
360.00	7.99	1.33	12.00	10.67	14.40	3.73
365.00	12.99	2.17	12.00	9.84	14.60	4.77
370.00	17.99	3.00	12.00	9.00	14.80	5.80
375.00	22.99	3.83	12.00	8.17	15.00	6.83
380.00	27.99	4.67	12.00	7.34	15.20	7.87
385.00	32.99	5.50	12.00	6.50	15.40	8.90
390.00	37.99	6.33	12.00	5.67	15.60	9.93
395.00	42.99	7.17	12.00	4.84	15.80	10.97
400.00	47.99	8.00	12.00	4.00	16.00	12.00
405.00	52.99	8.83	12.00	3.17	16.20	13.03
410.00	57.99	9.67	12.00	2.34	16.40	14.07
415.00	62.99	10.50	12.00	1.50	16.60	15.10
420.00	67.99	11.33	12.00	0.67	16.80	16.13
424.00	71.99	12.00	12.00	0.00	16.96	16.96

## Fostaíochtaí príobháideacha agus earnála poiblí

### Aicme A

Clúdaíonn sé seo daoine idir 16 bliana d'aois agus aois an phinsin atá 66 bliain d'aois faoi láthair, nó i gcás duine a rugadh an 1 Eanáir 1958 nó dá éis agus atá idir 66 agus 70 bliain d'aois agus nár dámhadh an Pinsean Stáit (Ranníocach) dó/dí i bhfostaíochtaí tionscail, tráchtála nó seirbhíse, atá fostaithe faoi chonradh seirbhíse a bhfuil pá ináirithe de €38 nó níos mó sa tseachtain acu ó gach fostaíocht chomh maith le státseirbhísigh agus fostaithe sa tseirbhís phoiblí a earcaíodh ón 6 Aibreán 1995.

Is ionann pá seachtainiúil agus pá an fhostaí móide pá barúlach (má bhaineann).

Fo-Aicme	Banda pá sheachtainiúil	Cé mhéad den phá seachtainiúil	Ioncam iomlán fostaí	Ioncam iomlán fostóra
<b>AO</b>	€38 - €352	lomlán	Nialas	8.80%
<b>AX</b>	€352.01 - €424	lomlán	4.00%	8.80%
<b>AL</b>	€424.01 - €441	lomlán	4.00%	8.80%
<b>A1</b>	Níos mó ná €441	lomlán	4.00%	11.05%

D'fhéadfadh luach saothair scairbhunaithe a bheith faoi réir ÁSPC an fhostaí i gcúinsí áirithe. Níl ÁSPC an fhostóra inmhuirearaithe ar luach saothair scairbhunaithe.

Baineann creidmheas ÁSPC le fo-aicme AX.

## Rannpháirtithe Scéimeanna Fostaíochta Pobail

Fo-Aicme	Banda pá sheachtainiúil	Cé mhéad den phá seachtainiúil	Ioncam iomlán fostaí	Ioncam iomlán fostóra
<b>A8</b>	Suas go dtí €352	Iomlán	Nialas	0.50%
<b>A9</b>	Níos mó ná €352	Iomlán	4.00%	0.50%

Tá feidhm ag creidmheas ÁSPC ar thuilleamh suas go €424.

## Fostaíochtaí san earnáil phoiblí

### Aicme B

Cumhdaíonn sé seo státseirbhísigh bhuana agus inphinsin, dochtúirí agus fiaclóirí cláraithe atá fostaithe sa státseirbhís agus Gardaí a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995.

Fo-Aicme	Banda pá sheachtainiúil	Cé mhéad den phá seachtainiúil	Ioncam iomlán fostaí	Ioncam iomlán fostóra
<b>BO</b>	Suas go dtí €352	Iomlán	Nialas	2.01%
<b>BX</b>	€352.01 - €500	Iomlán	0.90%	2.01%
<b>B1</b>	Níos mó ná €500	An chéad €1,443	0.90%	2.01%
		Iarmhéid	4.00%	2.01%

## Aicme C

Cumhdaíonn sí seo oifigigh choimisiúnaithe Óglaigh na hÉireann agus baill Sheirbhís Altranais an Airm a earcaíodh roimh 6 Aibreán 1995.

Fo-Aicme	Banda pá sheachtainiúil	Cé mhéad den phá sheachtainiúil	Ioncam iomlán fostaí	Ioncam iomlán fostóra
<b>CO</b>	Suas go dtí €352	Iomlán	Nialas	1.85%
<b>CX</b>	€352.01 - €500	Iomlán	0.90%	1.85%
<b>C1</b>	Níos mó ná €500	An chéad €1,443	0.90%	1.85%
		Iarmhéid	4.00%	1.85%

## Aicme D

Clúdaíonn sí seo fostaithe buana agus inphinsin sa tseirbhís phoiblí, seachas iad sin atá luaite in Aicmí B agus C, a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995.

Fo-Aicme	Banda pá sheachtainiúil	Cé mhéad den phá sheachtainiúil	Ioncam iomlán fostaí	Ioncam iomlán fostóra
<b>DO</b>	Suas go dtí €352	Iomlán	Nialas	2.35%
<b>DX</b>	€352.01 - €500	Iomlán	0.90%	2.35%
<b>D1</b>	Níos mó ná €500	An chéad €1,443	0.90%	2.35%
		Iarmhéid	4.00%	2.35%



## Fostaíochtaí san earnáil phríobháideach

### Aicme E

Baineann sé seo le Ministrí Reiligiúin atá fostaithe ag Comhlacht Ionadaíoch Eaglais na hÉireann. Íoctar ÁSPC faoin gCóras Bailithe Sóisialach de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Fo-Aicme	Banda pá sheachtainiúil	Cé mhéad den phá sheachtainiúil	Ioncam iomlán fostaí	Ioncam iomlán fostóra
<b>EO</b>	Suas go dtí €352	Iomlán	Nialas	6.87%
<b>E1</b>	Níos mó ná €352*	Iomlán	3.33%	6.87%

\*Tá feidhm ag Creidmheas ÁSPC fostaí barrchaolaithe de €10 sa tseachtain ar thuilleamh suas le €412.

## Fostaíochtaí san earnáil phoiblí

### Aicme H

Clúdaíonn sí seo ONCanna agus pearsanra liostáilte Óglaigh na hÉireann.

Fo-Aicme	Banda pá sheachtainiúil	Cé mhéad den phá sheachtainiúil	Ioncam iomlán fostaí	Ioncam iomlán fostóra
<b>HO</b>	Suas go dtí €352	Iomlán	Nialas	10.35%
<b>HX*</b>	€352.01 - €424	Iomlán	3.90%	10.35%
<b>H1</b>	Níos mó ná €424	Iomlán	3.90%	10.35%

\*Tá feidhm ag Creidmheas ÁSPC barrchaolaithe ar fho-aicme HX.

## Fostaíochtaí san earnáil phríobháideach

### Aicme J

Baineann sé seo le formhór na ndaoine a bhfuil pá ináirithe níos lú ná €38 sa tseachtain acu ó gach fostaíocht. Mar sin féin, tá líon beag fostaíthe atá inárachaithe in Aicme J is cuma cé mhéad a thuilleann siad.

Fo-Aicme	Banda pá sheachtainiúil	Cé mhéad den phá seachtainiúil	Ioncam iomlán fostaí	Ioncam iomlán fostóra
<b>JO</b>	Suas go dtí €500	Iomlán	Nialas	0.50%
<b>J1</b>	Níos mó ná €500	Iomlán	Nialas	0.50%

D'fhéadfaí ÁSPC fostaí a ghearradh ar luach saothair scairbhunaithe i gcásanna áirithe. Níl ÁSPC an fhostóra inmhuirearaithe ar luach saothair scairbhunaithe.

### Aicme K

Íocann sealbhóirí oifige poiblí áirithe ÁSPC ag ráta 4%, i gcás go bhfuil a n-ioncam os cionn €5,200 sa bhliain. Ba chóir iad a thuirsciú in Aicme K. Ba chóir sealbhóirí oifige poiblí a bhfuil ioncam seachtainiúil €100 nó níos lú acu a thuirsciú in Aicme M. Féadfaidh Aicme K a bheith i bhfeidhm i gcúinsí eile freisin, féach achoimre ar Aicmí ÁSPC thíos le haghaidh sonraí.

Fo-Aicme	Banda pá sheachtainiúil	Cé mhéad den phá seachtainiúil	Ioncam iomlán fostaí	Ioncam iomlán fostóra
<b>Taifead faoi Aicme M</b>	Suas go dtí €100	Iomlán	Nialas	Nialas
<b>K1</b>	Níos mó ná €100	Iomlán	4.00%	Nialas

## Aicme M

Baineann Aicme M le daoine nach bhfuil dliteanas ranníocaíochta ar bith orthu.

Fo-Aicme	Banda pá sheachtainiúil	Cé mhéad den phá seachtainiúil	Ioncam iomlán fostaí	Ioncam iomlán fostóra
<b>M</b>	Ioncam Iomlán	Iomlán	Nialas	Nialas

## Iascairí

## Aicme P

Baineann sé seo le scair-iascairí atá rangaithe mar dhaoine féinfhostaithe agus a íocann ÁSPC cheana féin faoi Aicme S. Is ranníocaíocht roghnach í Aicme P a thugann rochtain ar shochar cuardaitheora poist teoranta, ar shochar breoiteachta teoranta agus ar shochar cóireála teoranta. Tá an ranníocaíocht seo sa bhreis ar an ÁSPC a íoctar faoi Aicme S. Is é an ranníocaíocht bhliantúil íosta d'Aicme P ná €200 nó 4% den ioncam ar fad os cionn €2500, cibé acu is mó.

Fo-Aicme	Cé mhéad den phá bliantúil	Ioncam Iomlán
<b>P</b> (roghnach)	An chéad €2,500 sa bhliain	Nialas
	Níos mó ná €2,500 sa bhliain	4.00%

### Aicme S

Baineann sé seo le daoine féinfhostaithe, lena n-áirítear stiúrthóirí cuideachta áirithe, daoine áirithe a bhfuil ioncam acu ó infheistíochtaí, cíos agus comhaltaí áirithe d'údaráis áitiúla. Is ionainn €500 agus an ranníocaíocht bhliantúil íosta i gcomhair Aicme S.

Fo-Aicme	Banda pá sheachtainiúil	Cé mhéad den phá seachtainiúil	Ioncam iomlán ó fhéinfhostaíocht
<b>SO</b>	Suas go dtí €500	Iomlán	4.00%
<b>S1</b>	Níos mó ná €500	Iomlán	4.00%

# Bandaí agus fo-aicmí tuillimh

Fo-Aicme	Banda pá sheachtainiúil	Banda pá choicisiúil	Banda pá mhíosúil
<b>AO</b>	€38 go dtí €352	€76* go dtí €704	€165* go dtí €1,525
<b>AX**</b>	€352.01 go dtí €424	€704.01 go dtí €848	€1,525.01 go dtí €1,837
<b>AL</b>	€424.01 go dtí €441	€848.01 go dtí €882	€1,837.01 go dtí €1,911
<b>A1</b>	Níos mó ná €441	Níos mó ná €882	Níos mó ná €1,911
<b>A8</b>	Suas go dtí €352	Suas go dtí €704	Suas go dtí €1,525
<b>A9**</b>	Níos mó ná €352	Níos mó ná €704	Suas go dtí €1,525
<b>BO</b>	Suas go dtí €352	Suas go dtí €704	Suas go dtí €1,525
<b>BX</b>	€352.01 go dtí €500	€704.01 go dtí €1,000	€1,525.01 go dtí €2,167
<b>B1</b>	Níos mó ná €500	Níos mó ná €1,000	Níos mó ná €2,167
<b>CO</b>	Suas go dtí €352	Suas go dtí €704	Suas go dtí €1,525
<b>CX</b>	€352.01 go dtí €500	€704.01 go dtí €1,000	€1,525.01 go dtí €2,167
<b>C1</b>	Níos mó ná €500	Níos mó ná €1,000	Níos mó ná €2,167
<b>DO</b>	Suas go dtí €352	Suas go dtí €704	Suas go dtí €1,525
<b>DX</b>	€352.01 go dtí €500	€704.01 go dtí €1,000	€1,525.01 go dtí €2,167
<b>D1</b>	Níos mó ná €500	Níos mó ná €1,000	Níos mó ná €2,167
<b>EO</b>	Suas go dtí €352	Suas go dtí €704	Suas go dtí €1,525
<b>E1**</b>	€352.01 go dtí €500	Níos mó ná €704	Níos mó ná €1,525
<b>HO</b>	Suas go dtí €352	Suas go dtí €704	Suas go dtí €1,525
<b>HX**</b>	€352.01 go dtí €424	€704.01 go dtí €848	€1,525.01 go dtí €1,837
<b>H1</b>	Níos mó ná €424	Níos mó ná €848	Níos mó ná €1,837

Fo-Aicme	Banda pá sheachtainiúil	Banda pá choicisiúil	Banda pá mhíosúil
<b>JO</b>	Suas go dtí €500	Suas go dtí €1,000	Suas go dtí €2,167
<b>J1</b>	Níos mó ná €500	Níos mó ná €1,000	Níos mó ná €2,167
<b>K1</b>	Níos mó ná €100	Níos mó ná €200	Níos mó ná €433
<b>M</b>	Ioncam Iomlán	Ioncam Iomlán	Ioncam Iomlán
<b>P</b>	Níos mó ná €48	Níos mó ná €96	Níos mó ná €208
<b>SO</b>	Suas go dtí €500	Suas go dtí €1,000	Suas go dtí €2,167
<b>S1</b>	Níos mó ná €500	Níos mó ná €1,000	Níos mó ná €2,167

\*Ní bhaineann an tairseach seo ach le fostaithe Aicme A amháin, arb ionann an tuilleamh iomlán acu gach seachtain den choicís nó den mhí agus €38 ar a laghad.

\*\*Tá feidhm ag Creidmheas ÁSPC.

Is le haghaidh rannpháirtithe Scéimeanna Fostaíochta Pobail (FP) amháin atá **Fo-Aicmí A8** agus **A9**. Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil le d'Ionad Intreo áitiúil.

# Achoimre ar aicmí ÁSPC

## Fostaíocht Aicme A

- Fanann an tairseach pá nó ioncaim chun a chinneadh an íocann fostaithe ÁSPC ag Aicme A nó J ag €38.
- Ba chóir fostaithe a n-íoctar €38 go €352 sa tseachtain leo, agus an dá mhéid sin san áireamh, a thaifeadadh faoi fho-aicme AO.
- Maidir le holltuilleamh idir €352.01 agus €424, laghdaítear méid an ÁSPC a ghearrtar ag 4% le Creidmheas ÁSPC seachtainiúil barrchaolaithe. Féach leathanach 4 le haghaidh tuilleadh sonraí.
- Fostaithe a n-íoctar idir €352.01 agus €424 sa tseachtain leo, agus an dá mhéid sin san áireamh, ba chóir iad a thaifeadadh faoi fho-aicme AX
- Fostaithe a n-íoctar idir €424.01 agus €441 sa tseachtain leo, agus an dá mhéid sin san áireamh, ba chóir iad a thaifeadadh faoi fho-aicme AL.
- Tá maoirseoirí agus fostaithe an Tionscnaimh Fostaíochta Pobail agus an Tionscnaimh Post inárachaithe ag Aicme A ar an ngnáthbhealach.

## Fostaíocht Aicme J

Is gnách go mbaineann ranníocaíocht Aicme J le daoine a n-íoctar níos lú ná €38 in aghaidh na seachtaine leo ó gach fostaíocht. Mar sin féin, tá líon beag fostaithe inárachaithe in Aicme J, is cuma cé mhéad a íoctar leo.

## Fofhostaíochtaí

Tá fofhostaíocht, rud atá inárachaithe in Aicme J beag beann ar thuilleamh, sainmhínithe sa reachtaíocht.

## ÁSPC do dhaoine féinfhostaithe

Caithfidh daoine féinfhostaithe, seachas stiúrthóirí cuideachta féinfhostaithe, clárú leis na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha ÁSPC. Faoin gcóras féinmheasúnaithe, íoctar ÁSPC leis an oifig cánach áitiúil mar aon le haon íocaíocht eile atá dlite. Íocann stiúrthóirí cuideachta féinfhostaithe a ÁSPC faoin gcóras ÍMAT.

## Ranníocaíochtaí Aicme K

Tá ranníocóirí ráta mhodhnaithe, mar shampla státseirbhísigh agus fostaithe sa tseirbhís phoiblí a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995, a bhfuil ioncam tuillte féinfhostaithe ó ghairm nó ó thrádáil acu chomh maith le haon ioncam neamhthuillte eile, faoi dhliteanas ÁSPC ag Aicme K ar an ioncam sin. D'fhéadfadh ranníocóirí fostaithe agus pinsinéirí ceirde, faoi aois inphinsin, atá 66 bliain d'aois faoi láthair, ar ioncam neamhthuillte an t-aon ioncam breise atá acu, a bheith faoi dhliteanas ÁSPC ag Aicme K ar ioncam den sórt sin.

## Íocaíochtaí féinfhostaithe ar ráta íosta agus ar ráta comhréidh

- Íocann ranníocóirí féinfhostaithe a bhfuil ioncam bliantúil de €5,000 nó níos mó acu ÁSPC Aicme S ag ráta 4%, faoi réir íosíocaíochta de €500.
- Féadfaidh daoine nach bhfuil clúdaithe ag ÁSPC éigeantach a thuilleadh, mar fhostaí nó mar dhuine féinfhostaithe, agus iad faoi aois inphinsin, 66 bliana d'aois faoi láthair, nó i gcás daoine atá idir 66 agus 70 bliain d'aois agus nár dámhadh an Pinsean Stáit (Ranníocach) dóibh, rogha a dhéanamh a bheith faoi árachas ar bhonn deonach má shásaíonn siad coinníollacha áirithe. Ríomhtar méid na ranníocaíochta deonaí in aon bhliain ranníocaíochta mar chéatadán den ioncam ináirithe, faoi réir íosíocaíocht bhliantúil.
- Is é an t-íosráta bliantúil do dhaoine a d'íoc ÁSPC an uair dheireanach ag Aicmí A, E nó H ná €500. Is é an t-íosráta bliantúil do dhaoine a d'íoc ÁSPC an uair dheireanach ag Aicmí B, C nó D ná €250. Tá ráta comhréidh de €500 ann do dhaoine a d'íoc ÁSPC an uair dheireanach in Aicme S.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar:

**Rannóg na Ranníocaíochtaí** cuir glaoch ar **0818 690 690**.

**Féinfhostaíocht** tabhair cuairt ar **[www.gov.ie/prisselfemployedog](http://www.gov.ie/prisselfemployedog)**.

**Ranníocaíochtaí deonacha** tabhair cuairt ar **[www.gov.ie/volcon](http://www.gov.ie/volcon)**.



# Eolas tábhachtach

## Comhchodanna na ranníocaíochta ÁSPC

Tá roinnt comhchodanna difriúla sa ranníocaíocht Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasa (ÁSPC), lena n-áirítear:

- Árachas sóisialach ar an ráta céatadán cuí d'fhostaithe agus fostóirí, rud a athraíonn de réir phá agus Aicme ÁSPC an fhostaí, agus de réir na sochar a bhfuil siad faoi árachas lena n-aghaidh.
- Tobhach 1% an Chiste Náisiúnta Oiliúna, rud a bhíonn san áireamh i ranníocaíocht an fhostóra in Aicmí A agus H.

## Leibhéil íocaíochta

Beidh ranníocaíochtaí ÁSPC iníoctha mar seo a leanas:

- Ar na rátaí céatadán cuí le haghaidh fostóirí ar an tuilleamh ináirithe **go léir**
- Ar an bpá ináirithe **go léir**, tá sciar an fhostóra (árachas sóisialach agus Tobhach 1% an Chiste Náisiúnta Oiliúna in Aicmí A agus H) dlite.
- Aicme S, árachas sóisialach ag 4.00% ar **gach** ioncam ináirithe.

Tá Tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna san áireamh sna rátaí ranníocaíochta a bhfuil cur síos orthu ar leathanaigh 5 go dtí a 12, más infheidhme.

## Pá ináirithe

Tá ríomh ÁSPC bunaithe ar phá ináirithe an fhostaí. Is ionann pá ináirithe agus an t-ollphá móide an pá barúlach nó an sochar comhchineáil más infheidhme.

- Caithfear le glanluach an luacha saothair scairbhunaithe mar phá barúlach ar mhaithe le ÁSPC fostaí a ríomh amháin.
- Íoctar ÁSPC fostaí amháin ar luach saothair scairbhunaithe. Níl aon ÁSPC Fostóra inmhuirearaithe ar ghnóthachain ó luach saothair scairbhunaithe.
- Is gnách gur ar an bhfostóir atá an dualgas ÁSPC a asbhaint agus a chur ar aghaidh maidir le luach saothair scairbhunaithe. Dá réir sin, ba chóir go ndéanfadh an fostóir an ÁSPC atá iníoctha a asbhaint tríd an bpárolla in éineacht le dliteanais ÁSPC eile, agus iad a chur ar aghaidh chuig an Ard-Bhailitheoir.
- D'fhéadfadh feidhm a bheith ag socruithe difriúla i gcás ÁSPC ar ghnóthachain ó roghanna áirithe scaireanna a fheidhmiú.

Tá faisnéis níos mionsonraithe maidir le láimhseáil luach saothair scairbhunaithe chun críocha ÁSPC ar fáil ach cuairt a thabhairt ar [www.gov.ie/prsi](http://www.gov.ie/prsi) agus [www.revenue.ie/benefit-in-kind](http://www.revenue.ie/benefit-in-kind).

Tá ÁSPC inmhuirearaithe go hiomlán ar íocaíochtaí ag fostaithe earnála príobháidí maidir le:

- Ranníocaíochtaí aoisliúntais.
- Buanscéimeanna sochar sláinte lena n-áirítear scéimeanna leanúnachais ioncaim.
- Scéimeanna arna bhformheas ag na Coimisinéirí Ioncaim a bunaíodh faoi iontaobhais neamh-inchúlghairthe, scéimeanna pinsin thar lear agus scéimeanna formheasta eile atá díolmhaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim.
- Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta.
- Asbhaintí maidir le cistí scoir atá formheasta ag na Coimisinéirí Ioncaim.

Ní íocann fostóirí státseirbhíse agus seirbhíse poiblí aon ÁSPC fostóra ar an Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise, ar a dtugtaí an tobhach pinsin roimhe seo. Tá ÁSPC fostaí inmhuirearaithe.

### Seachtainí ranníocaíochta ÁSPC

Is ionann seachtain ranníocaíochta agus gach tréimhse leanúnach seacht lá, agus í ag tosú ar an 1 Eanáir gach bliain. Is ionann seachtain 1 agus an tréimhse ó 1 go dtí 7 Eanáir, agus an dá dháta sin san áireamh, seachtain 2 ó 8 go dtí 14 Eanáir agus mar sin de. **Don bhliain 2024, tosaíonn an tseachtain ranníocaíochta ar an Luan agus críochnaíonn sí ar an Domhnach.**

Ba chóir ranníocaíocht ag an aicme chuí a dhámhachtain d'fhostaí le haghaidh gach seachtaine ranníocaíochta nó cuid de sheachtain a bhfuil sé/sí i bhfostaíocht inárachaithe ina leith.

### Ranníocaíochtaí deonacha

Tá cead ag daoine a bhí faoi árachas in Aicmí A, B, C, D, H nó S agus nach bhfuil ag gabháil d'fhostaíocht inárachaithe a thuilleadh, roghnú Ranníocaíochtaí Deonacha a íoc chun cumhdach a chur ar fáil dá bpinsin.

Caithfidh iarratais a bheith déanta taobh istigh de 60 mhí ó dheireadh na bliana ranníocaíochta ÁSPC inar íocadh nó inar creidiúnaíodh ranníocaíocht ÁSPC an uair dheireanach. Le haghaidh tuilleadh eolais ar ranníocaíochtaí deonacha, tabhair cuairt ar [www.gov.ie/volcon](http://www.gov.ie/volcon) nó déan teagmháil le:

### Rannóg Ranníocaíochtaí Deonacha

Seirbhísí Cáilitheachta Cliant  
an Roinn Coimirce Sóisialaí  
Oifig na Seirbhísí Leasa Shóisialaigh  
Bóthar Chorcaí  
Port Láirge  
X91 EH04

Uimhir theileafóin: **0818 690 690**

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh d'Éirinn cuir glaoch ar **+353 1 471 5898**.

Ríomhphost: [selfemployment@welfare.ie](mailto:selfemployment@welfare.ie).

## **Pá saoire**

Má íocann tú fostaí ar feadh tréimhse níos faide ná seachtain amháin, tá sé tábhachtach an fho-aicme a chinneadh i gceart i ngach aon seachtain.

**Sampla:** Faigheann fostaí pá saoire dhá sheachtain in éineacht le pá na seachtaine reatha. Chun gur féidir an fho-aicme cheart ÁSPC a chinneadh, ríomh an pá le haghaidh gach seachtaine agus déan na ranníocaíochtaí a thairgeadh dá réir. Bíonn an socrú seo i gceist chomh maith nuair a íocann fostóir pá saoire nuair a éiríonn fostaí as an bpost.

## **Pá breoiteachta**

Is cuma má íocann d'fhostóir tú nuair atá tú ar shaoire bhreoiteachta ón obair nó mura n-íocann, ní mór duit cur isteach ar shochar breoiteachta ó chéad lá do bhreoiteachta. Má fhaigheann tú pá breoiteachta ó d'fhostóir, ba cheart duit fiafraí de d'fhostóir cad iad na socruithe riaracháin atá i bhfeidhm agus tú ag éileamh Sochar Breoiteachta nó Sochar Díobhála. Leis an bpróiseas éilimh, ceadaítear do dhuine a chur in iúl gur féidir íocaíocht a eisiúint go díreach chuig an bhfostóir más cuí sin.

## **Cáin ar Shochar Breoiteachta agus ar Shochar Cuardaitheora Poist**

Breathnaítear ar Shochar Breoiteachta (SB) agus ar Shochar Cuardaitheora Poist (SCP) mar ioncam chun críocha cánach agus gearrtar cáin orthu ón gcéad lá íocaíochta, cé is moite d'íocaíochtaí neamh-inchánach i leith leanáí cáilithe ar SB agus SCP.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim aon cháin atá dlite ar na híocaíochtaí seo trí chreidmheasanna cánach agus bandaí ráta an fhostaí a laghdú faoin méid IB agus SCP a fhaightear. Níl na híocaíochtaí seo faoi dhliteanas Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU) nó ÁSPC. Ní leasófar bandaí ráta MSU an fhostaí.

Tá na híocaíochtaí inchánach i bhfíor-am. Baileoidh na Coimisinéirí Ioncaim aon cháin atá dlite ar na híocaíochtaí seo trí chreidmheasanna cánach an fhostaí agus bandaí ráta an fhostaí a laghdú faoi mhéid na híocaíochta a fhaightear agus nuair a fhillann sé/sí ar an bhfostaíocht eiseofar Fógra Párolla Choimisinéirí Ioncaim (FPCI) d'fhostóirí.

## **Sochar Máithreachais, Sochar Atharthachta, Sochar Tuismitheora, Sochar Uchtaíoch agus Sochar Sláinte agus Sábháilteachta**

Tá íocaíochtaí Sochar Máithreachais, Sochar Atharthachta, Sochar Tuismitheora, Sochar Uchtaíoch agus Sochar Sláinte agus Sábháilteachta inchánach go hiomlán. Tá na sochair seo díolmhaithe ó MSU agus ó ÁSPC.

I gcás daoine a íocann a gcuid cánach tríd an gcóras ÍMAT, déanfar, nuair is féidir, laghdú go huathoibríoch ar a gcreidmheasanna cánach bliantúla agus ar a mbandaí ráta de réir mhéid na n-íocaíochtaí sin. Gheobhaidh na Coimisinéirí Ioncaim sonraí faoin sochar ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim na creidmheasanna cánach coigeartaithe agus na bandaí rátaí in iúl d'fhostóirí trí Fhógra Párolla Choimisinéirí Ioncaim (FPCI) athbhreithnithe a eisiúint.

Má tá aon fhiosrúcháin agat faoi cháin ar shochair leasa shóisialaigh, déan teagmháil le **d'oifig cánach áitiúil** nó tabhair cuairt ar

**[www.revenue.ie/taxation-of-social-welfare-payments.aspx](http://www.revenue.ie/taxation-of-social-welfare-payments.aspx)**.

## Íocaíochtaí cnapshuime

Ní mheastar íocaíochtaí cnapshuime a dhéantar le fostaithe nuair a éiríonn siad as fostaíocht a bheith mar phá ináirithe chun críocha ÁSPC, agus ba chóir iad a thaifeadadh faoi Aicme M. Ina measc seo tá íocaíochtaí iomarcaíochta, aiscí agus ex-gratia.

## Íocaíochtaí cothabhála

Féadfaidh duine scartha aisíocaíocht ÁSPC a éileamh ar íocaíochtaí cothabhála infhorghníomhaithe le dlí a dhéantar lena (h)iar-chéile nó lena (h)iarpháirtneir. Déanfar an ÁSPC atá dlite a athríomh ar an bpá ináirithe nó ar ioncam laghdaithe faoi mhéid na híocaíochta cothabhála. Tabharfar ar ais aon ÁSPC barrachais a íoctar trí aisíocaíocht a éileamh tar éis dheireadh na bliana ó:

### Rannóg Aisíocaíochtaí ÁSPC

an Roinn Coimirce Sóisialaí

Teach Gandon

Sráid Amiens

Baile Átha Cliath 1

D01 A361

Uimhir theileafóin: **(01) 673 2586**.

### Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PSP)

Má theastaíonn cúnamh uait chun Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PSP) d'fhostaithe a lorg, iarr orthu dul i dteagmháil le **Seirbhísí Aitheantais Cliant** ar **0818 927 999** nó **(07) 1 9672616**.

### Ranníocaíochtaí a thaifeadadh

Don bhliain 2013 agus do bhlianta ina dhiaidh sin, ba cheart go n-áireofaí i bpá comhlán gach fostaí aon sochar inchánach (pá barúlach) a fhaigheann an fostaí sin i rith na bliana. Ina theannta sin, ba cheart méid iomlán na sochar inchánach sa bhliain do **gach** fostaí a thaifeadadh.

### Má tá cabhair ag teastáil uait

Tá eolas breise ar Rátaí ÁSPC ar fáil, chomh maith le réimse eolais d'fhostóirí, ar ár suíomh gréasáin ag **www.welfare.ie**.

# Meabhrúchán pinsean

Má tá fostaithe agat atá ag teannadh leis an aois scoir, tá sé tábhachtach go ndéanfaidh siad iarratas ar pinsean in am: trí mhí roimh an aois inphinsin a bhaint amach.

Tá cead ag duine leanúint dá (h)obair tar éis 66 bliain d'aois agus an pinsean seo a fháil chomh maith ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá fostaí atá ag fáil Pinsean Stáit (Ranníocach) nó atá 70 bliain d'aois nó níos sine faoi dhliteanas ÁSPC Aicme J.

Is féidir le daoine féinfhostaithe a íocann ranníocaíochtaí ÁSPC in Aicme S leanúint d'obair a dhéanamh chomh maith agus cáiliú le haghaidh na híocaíochta seo, fad is go bhfuil a ndlíteanais árachais shóisialaigh in ord agus in eagar. Daoine ar gá dóibh ranníocaíochtaí ÁSPC a dhéanamh in Aicme S agus atá beagnach 66 bliain d'aois, ba chóir dóibh seiceáil lena n-oifig áitiúil de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim le cinntiú go bhfuil a ngnóthaí cánach in ord agus in eagar ar mhaithe le moilleanna a sheachaint.

## Conas iarratas a dhéanamh

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ó d'Ionad Intreo áitiúil, d'Oifig Brainse, aon Ionad Faisnéise do Shaoránaigh nó Oifig an Phoist.

Tá siad ar fáil freisin le híoslódáil ónár suíomh gréasáin ag [www.gov.ie/spc](http://www.gov.ie/spc).

## Cánachas

Tá an Pinsean Stáit (Ranníocach) faoi dhliteanas cánach agus ba chóir aon cheisteanna maidir le cáin ar an íocaíocht seo a chur chuig d'Oifig Ioncaim áitiúil.

# Chun tuilleadh eolais a fháil

- Tabhair cuairt ar [www.gov.ie/dsp](http://www.gov.ie/dsp); nó
  - Déan teagmháil le d'Ionad Intreo áitiúil, d'Oifig Brainse nó aon Ionad Faisnéise do Shaoránaigh.
- Is féidir leat ainm agus seoladh d'Ionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Bhrainse áitiúil a fháil ach cuairt a thabhairt [www.gov.ie/intreocentres](http://www.gov.ie/intreocentres).

Déanta ag

Aonad Seirbhíse do Chustaiméirí

an Roinn Coimirce Sóisialaí

Áras Mhic Dhiarmada

Sráid an Stórais

Baile Átha Cliath 1

D01 WY03

Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo, agus ní fhéachtar le léirmhíniú dlíthiúil a sholáthar ann.



**An Roinn Coimirce Sóisialaí**  
**Department of Social Protection**